2026/183

27.2.2026

CINNEADH (AE) 2026/183 ÓN gCOMHAIRLE

an 9 Eanáir 2026

maidir le síniú agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe Eatramhaigh maidir le Trádáil idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus an Cómhargadh Theas, Poblacht na hAirgintíne, Poblacht Chónaidhmitheach na Brasaíle, Poblacht Pharagua agus Poblacht Oirthearach Uragua, den pháirt eile

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 91(1), Airteagal 100(2) agus Airteagal 207(4), an chéad fhomhír, i gcomhar le hAirteagal 218(5), de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 13 Meán Fómhair 1999, thug an Chomhairle údarú don Choimisiún tús a chur leis an gcaibidlíocht leis an gCómhargadh Theas ('Mercosur') agus lena Stáit is Páirtithe maidir le comhaontú ina mbeidh codanna polaitiúla, comhair agus trádála. Tugadh an chaibidlíocht i gcrích go rathúil an 6 Nollaig 2024.

(2) D'eascair dhá ionstraim dhlíthiúla chomhthreomhara as an gcaibidlíocht. Is é an chéad ionstraim an Comhaontú Comhpháirtíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus an Cómhargadh Theas, Poblacht na hAirgintíne, Poblacht Chónaidhmitheach na Brasaíle, Poblacht Pharagua agus Poblacht Oirthearach Uragua, den pháirt eile ('an Comhaontú Comhpháirtíochta'), lena n-áirítear an colún polaitiúil agus comhair, agus an colún trádála agus infheistíochta. Is é an dara ionstraim an Comhaontú Eatramhach maidir le Trádáil idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus an Cómhargadh Theas, Poblacht na hAirgintíne, Poblacht Chónaidhmitheach na Brasaíle, Poblacht Pharagua agus Poblacht Oirthearach Uragua, den pháirt eile ('an Comhaontú Eatramhach'), lena gcumhdaítear léirscaoileadh trádála agus infheistíochta. Scoirfidh an Comhaontú Eatramhach d'éifeacht a bheith aige agus cuirfear an Comhaontú Comhpháirtíochta ina ionad ar a theacht i bhfeidhm dó.

(3) Go dtí go nglacfar gníomh reachtach sonrach de chuid an Aontais lena gcuirtear chun feidhme clásal coimirce déthaobhach an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta agus an Chomhaontaithe Eatramhaigh le haghaidh táirgí talmhaíochta agus go dtí go dtiocfaidh sé i bhfeidhm, agus d'fhonn a chur ar a chumas don Aontas gníomhú go tapa agus go héifeachtach chun a leasanna a chosaint faoin gComhaontú Comhpháirtíochta nó faoin gComhaontú Eatramhach, de réir mar is iomchuí, ba cheart an chumhacht a thabhairt don Choimisiún bearta coimirce déthaobhacha talmhaíochta a ghlacadh ('bearta coimirce déthaobhacha'), trí bhíthin rialacháin cur chun feidhme, a bheidh i gcomhréir leis an gComhaontú Comhpháirtíochta nó leis an gComhaontú Eatramhach, de réir mar is iomchuí. Maidir le táirgí talmhaíochta íogaire, ba cheart don Choimisiún bearta coimirce déthaobhacha a ghlacadh freisin i gcomhréir leis na coinníollacha faoin gCinneadh seo.

(4) Ba cheart don Choimisiún an Chomhairle a chur go hiomlán ar an eolas in am trátha go bhfuil sé ar intinn aige bearta coimirce déthaobhacha a ghlacadh, d'fhonn malartú tuairimí fóinteach sa Chomhairle a cheadú. Ba cheart don Choimisiún na tuairimí a chuirtear in iúl a chur san áireamh go hiomlán. Ba cheart don Choimisiún Parlaimint na hEorpa a chur ar an eolas freisin, de réir mar is iomchuí.

(5) Ba cheart do Bhallstát amháin nó níos mó a bheith in ann a iarraidh ar an gCoimisiún bearta coimirce déthaobhacha a ghlacadh faoi na coinníollacha a leagtar síos sa Chomhaontú Eatramhach agus, maidir le táirgí talmhaíochta íogaire, sa Chinneadh seo. Má dhiúltaíonn an Coimisiún don iarraidh sin, ba cheart dó na cúiseanna lena dhiúltú a chur in iúl don Chomhairle go tráthúil.

(6) Dá bhrí sin, ba cheart an Comhaontú Eatramhach a shíniú.

(7) Ba cheart feidhm sealadach a bheith ag an gComhaontú Eatramhach, go dtí go dtiocfaidh sé i bhfeidhm, idir an tAontas, de pháirt, agus ceann amháin nó níos mó de Stáit Sínithe Mercosur ('Stáit Sínithe Mercosur'), den pháirt eile, i gcomhréir le hAirteagal 23.3 de,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, údaraítear síniú an Comhaontaithe Eatramhaigh maidir le Trádáil idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus an Cómhargadh Theas, Poblacht na hAirgintíne, Poblacht Chónaidhmitheach na Brasaíle, Poblacht Pharagua agus Poblacht Oirthearach Uragua, den pháirt eile ([1]), faoi réir thabhairt i gcrích an Chomhaontaithe sin.

Airteagal 2

1. Go dtí go nglacfar gníomh reachtach sonrach de chuid an Aontais lena gcuirfear chun feidhme clásal coimirce déthaobhach an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta agus an Chomhaontaithe Eatramhaigh le haghaidh táirgí talmhaíochta agus go dtí go dtiocfaidh sé i bhfeidhm, féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin rialacháin cur chun feidhme, bearta coimirce déthaobhacha a ghlacadh a bheidh i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos i gCaibidil 9 den Chomhaontú Eatramhach agus sa Chinneadh seo.

2. Déanfaidh an Coimisiún dlúthfhaireachán ar an margadh le haghaidh táirgí talmhaíochta íogaire, is iad sin, táirgí atá faoi réir tharaif-chuótaí an Aontais i gcomhréir le Roinn B d'Iarscríbhinn 2-A (Sceideal um Dhíchur Taraife) a ghabhann leis an gComhaontú Eatramhach, go háirithe a mhéid a bhaineann le treochtaí allmhairiúcháin agus onnmhairiúcháin a bhaineann le Mercosur, le táirgeadh agus le forbairt praghsanna.

Déanfaidh an Coimisiún measúnú tapa ar staid an mhargaidh de bhun an fhaireacháin sin, trí aon mhéadú a d'fhéadfadh teacht ar allmhairí i gcás na dtáirgí íogaire ábhartha talmhaíochta a nascadh le héabhlóid na táirgeachta agus/nó an tomhaltais, na n-onnmhairí, an phraghais agus an sciar den mhargadh ar mhargadh an Aontais, chomh maith le honnmhairí ón Aontas.

Cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faireacháin faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle, gach 6 mhí, ina ndéanfar measúnú ar an tionchar a bhíonn ag allmhairiú táirgí talmhaíochta íogaire, lena n-áirítear ar Bhallstát amháin nó ar roinnt Ballstát.

3. I gcás inarb ann d'fhianaise leordhóthanach *prima facie*, a fuarthas go háirithe trí bhíthin an fhaireacháin agus an mheasúnaithe ar staid an mhargaidh dá dtagraítear i mír 2, ar mhórdhíobháil, nó bagairt mórdhíobhála, do thionscal an Aontais le haghaidh táirgí talmhaíochta íogaire, lena n-áirítear i gcásanna ina bhfuil an mórdhíobháil nó an bagairt mórdhíobhála sin comhchruinnithe go geografach i mBallstát amháin nó i roinnt Ballstát, déanfaidh an Coimisiún, gan mhoill, imscrúdú a thionscnamh arna iarraidh sin do Bhallstát amháin nó do roinnt Ballstát nó d'aon duine dlítheanach nó comhlachas atá ag gníomhú thar ceann thionscal an Aontais atá gníomhach sa tionscal lena mbaineann.

4. Chun críocha an Airteagail seo, ciallaíonn 'tionscal an Aontais' táirgeoirí an Aontais a tháirgeann táirgí ábhartha comhchosúla nó díriomaíocha.

5. Scrúdóidh an Coimisiún, mar ábhar tosaíochta, an ann d'fhianaise *prima facie* ar mhórdhíobháil, nó bagairt mórdhíobhála, do thionscal an Aontais i gcásanna ina bhfuil borradh faoi allmhairí nó laghdú ar phraghsanna atá comhchruinnithe i mBallstát amháin nó i roinnt Ballstát, nó i gcás ina bhfuil borradh faoi allmhairí nó laghdú ar phraghas táirge agus gur i mBallstát amháin nó i roinnt Ballstát atá tionscal an Aontais bunaithe.

Caithfidh an Coimisiún, in éagmais léirithe dá mhalairt, le méadú is mó ná 5 % bliain ar bhliain, mar riail, ar mhéid allmhairí táirge áirithe ó Stáit Sínithe MERCUSOR atá faoi théarmaí fabhracha agus atá faoi réir taraif-chuóta mar fhianaise *prima facie* ar mhórdhíobháil nó baol mórdhíobhála do thionscal an Aontais, ar choinníoll, san am céanna, go bhfuil meánphraghas allmhairiúcháin na n-allmhairí sin ó Stáit Sínithe MERCUSOR 5 % ar a laghad, mar riail, faoi bhun an mheánphraghais intíre ábhartha ar tháirge comhchosúil nó díriomaíoch le linn na tréimhse céanna.

6. Caithfidh an Coimisiún, in éagmais léirithe dá mhalairt, le laghdú is mó ná 5 % bliain ar bhliain, mar riail, ar an meánphraghas allmhairiúcháin ar tháirge ar leith ó Stáit Sínithe MERCUSOR a allmhairítear isteach san Aontas faoi théarmaí fabhracha atá faoi réir taraif-chuóta mar fhianaise *prima facie* ar mhórdhíobháil nó bagairt mórdhíobhála do thionscal an Aontais, ar choinníoll, san am céanna, go bhfuil meánphraghas allmhairiúcháin an táirge sin ó Stáit Sínithe MERCUSOR 5 % ar a laghad, mar riail, faoi bhun an mheánphraghais intíre ábhartha ar tháirge comhchosúil nó díriomaíoch le linn na tréimhse céanna.

7. Déanfaidh an Coimisiún bearta coimirce déthaobhacha sealadacha a fhorchur gan mhoill gan drogall, agus, i gcás táirgí talmhaíochta íogaire, faoi cheann 21 lá ar a dhéanaí tar éis dó iarraidh dá dtagraítear i mír 3 a fháil, chun aon díobháil do thionscal an Aontais ar deacair a leigheas a sheachaint, lena n-áirítear i gcás ina bhfuil an díobháil sin comhchruinnithe go geografach i mBallstát amháin nó i roinnt Ballstát.

([1]) Foilsítear téacs an Chomhaontaithe in IO L, 2026/184, 27.2.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2026/184/oj.

8. Ós rud é gur ghné bhuan de ghníomhaíochtaí an Choimisiúin in earnáil na talmhaíochta é an faireachán mionsonraithe ar an margadh, féachfaidh an Coimisiún le haon imscrúdú a dhéanfar i leith táirgí talmhaíochta íogaire a mhéid a bhaineann le bearta coimirce déthaobhacha a thabhairt i gcrích a luaithe is féidir, agus é mar aidhm aige cinneadh críochnaitheach a dhéanamh faoi cheann 4 mhí tar éis dó iarraidh dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo a fháil. Féadfar an tréimhse sin a fhádú agus ní rachaidh sí thar an tréimhse bliana dá bhforáiltear in Airteagal 9.13 den Chomhaontú Eatramhach.

9. Féadfar beart coimirce a fhorchur i gcás ina ndéantar táirge ábhartha de thionscnamh Stáit Sínithe MERCUSOR a allmhairiú isteach san Aontas sna cásanna seo a leanas:

(a) i gcainníochtaí atá méadaithe an oiread sin, i nglanfhigiúrí nó i gcoibhneas le táirgeacht nó tomhaltas an Aontais, agus faoi chúinsí de shórt a fhágann go bhfuil siad in gcúis le mórdhíobháil, nó go mbagraíonn siad a bheith ina gcúis le mórdhíobháil, do thionscal an Aontais, lena n-áirítear i gcás ina bhfuil an díobháil sin nó an bhagairt ina leith comhchruinnithe go geografach i mBallstát amháin nó i roinnt Ballstát; agus

(b) gur ann don mhéadú ar allmhairí de thoradh na n-oibleagáidí faoin gComhaontú Eatramhach, lena n-áirítear laghdú nó díothú na ndleachtanna custaim ar an táirge sin.

10. Féadfar beart coimirce a dhéanamh i bhfoirm fionraí sealadach ar sceideal an laghdaithe taraife don táirge ábhartha, nó laghdú ar an bhfabhar taraife ar ais go dtí leibhéal an náisiúin barrfhabhair nó go dtí leibhéal an bhonnráta, cibé acu is ísle.

11. Beidh feidhm ag aon bhearta coimirce ar feadh tréimhse 2 bhliain, ar féidir í a fhadú 2 bhliain ar a mhéad i gcomhréir le hAirteagal 9.9 den Chomhaontú Eatramhach, ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha ábhartha lena dtugtar údar leis an bhfadú sin.

Airteagal 3

1. Go dtí go dtiocfaidh sé i bhfeidhm, beidh feidhm sealadach ag an gComhaontú Eatramhach idir an tAontas, de pháirt, agus ceann amháin nó níos mó de Stáit Sínithe Mercosur, den pháirt eile, i gcomhréir le hAirteagal 23.3 de, ón gcéad lá den dara mí tar éis an dáta a thugann Stát sínithe Mercosur nó Stáit sínithe Mercosur, de réir mar a bheidh, fógra don Aontas go bhfuil na nósanna imeachta inmheánacha dá chuid nó dá gcuid is gá chun an Comhaontú Eatramhach a chur i bhfeidhm ar bhonn sealadach tugtha i gcrích acu agus a dhearbhaíonn siad go gcomhaontaíonn siad go gcuirfí an Comhaontú Eatramhach i bhfeidhm ar bhonn sealadach.

2. Déanfar an dáta óna gcuirfear an Comhaontú Eatramhach i bhfeidhm ar bhonn sealadach a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 4

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 9 Eanáir 2026.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

M. RAOUNA